Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12194/26**

**DATAPROTECT 243**
**JAI 1037**
**RELEX 1054**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 384 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an gcéad athbhreithniú ar fheidhmiú an chinnidh leordhóthanachta i ndáil le Poblachta na Cóiré |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 384 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 384 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.7.2026
COM(2026) 384 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gcéad athbhreithniú ar fheidhmiú an chinnidh leordhóthanachta i ndáil le Poblachta na Cóiré**

{SWD(2026) 231 final}

GA GA

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gcéad athbhreithniú ar fheidhmiú an chinnidh leordhóthanachta i ndáil le Poblachta na Cóiré**

## 1. AN CHÉAD ATHBHREITHNIÚ – CÚLRA, ULLMHÚ AGUS PRÓISEAS

An 17 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach cinneadh de bhun Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS)[1] inar chinn sé go n-áirithíonn Poblacht na Cóiré leibhéal leordhóthanach cosanta do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas Eorpach[2] ('an cinneadh leordhóthanachta'). Mar thoradh air sin, is féidir aistrithe sonraí ón Aontas Eorpach chuig Poblacht na Cóiré a dhéanamh gan ceanglais bhreise.

Cumhdaítear le cinneadh leordhóthanachta an Choimisiúin an Acht um Chosaint Faisnéise Pearsanta ('PIPA'[3]), arna chomhlánú leis na coimircí breise a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gcinneadh leordhóthanachta ('Rialacha Forlíontacha'[4]). Soiléirítear leis na coimircí sin cur i bhfeidhm phrionsabal an teorannaithe de réir cuspóra i gcomhthéacs sonraí a aistrítear ón Aontas chuig rialaitheoir sonraí de chuid na Cóiré, tugtar isteach oibleagáidí maidir le fógra a thabhairt nuair nach bhfaightear sonraí pearsanta go díreach ón ábhar sonraí lena mbaineann, agus soiléirítear na coinníollacha maidir le cathain is féidir leis an gCoimisiún um Chosaint Faisnéise Pearsanta (PIPC) bearta ceartaitheacha a fhorchur agus conas a chuirtear PIPA i bhfeidhm maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críoch slándála náisiúnta. Tá na Rialacha Forlíontacha ceangailteach ó thaobh dlí de ar rialaitheoirí faisnéise pearsanta i bPoblacht na Cóiré agus tá siad in-fhorfheidhmithe ag PIPC agus na cúirteanna araon[5].

Thairis sin, chuir rialtas na Cóiré uiríll, dearbhuithe agus gealltanais oifigiúla ar fáil don Choimisiún maidir leis na teorainneacha agus na coimircí a mhéid a bhaineann le rochtain ar shonraí pearsanta agus úsáid na sonraí sin ag údaráis phoiblí na Cóiré chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus chun críocha slándála náisiúnta, agus shoiléirigh sé go bhfuil aon phróiseáil den sórt sin teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach chun an cuspóir dlisteanach a bhaint amach agus go bhfuil cosaint dhlíthiúil éifeachtach ar aon chur isteach ann[6].

[1] IO L 119, 4.5.2016, lch. 1 (RGCS)
[2] IO L 44, 24.2.2022, lgh. 1–90
[3] Le PIPA soláthraítear an creat dlíthiúil ginearálta um chosaint sonraí i bPoblacht na Cóiré.
[4] Rialacha sonracha a chuir an Chóiré i bhfeidhm chun difríochtaí ábhartha áirithe idir PIPA agus RGCS a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gcinneadh leordhóthanachta a shárú (Fógra Uimh. 2021-5).
[5] Féach aithris 12 den chinneadh leordhóthanachta.
[6] Aithrisí 144-208 agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gcinneadh.

Ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, tá dlús breise curtha ag Poblacht na Cóiré agus ag an Aontas Eorpach, mar chomhpháirtithe atá ar aon intinn le chéile, lena gcomhar maidir le hábhair dhigiteacha, go ginearálta, agus maidir le sreabha sonraí, go sonrach.

Ar an leibhéal déthaobhach, léirítear é sin go háirithe nuair a ghlacann Poblacht na Cóiré aitheantas coibhéise don Aontas Eorpach, lena n-aithnítear, faoi chreat dlíthiúil na Cóiré, go n-áirithíonn an tAontas leibhéal cosanta do shonraí pearsanta atá coibhéiseach leis an leibhéal a sholáthraítear i bPoblacht na Cóiré, agus ar an gcaoi sin go gceadaítear saorshreabhadh sonraí pearsanta ó Phoblacht na Cóiré chuig an Aontas. Is é seo an chéad aitheantas coibhéise a ghlac Poblacht na Cóiré. Tháinig sé i bhfeidhm an 16 Meán Fómhair 2025 agus d'fhógair Coimisinéir an Aontais, an Coimisinéir McGrath agus iarChathaoirleach PIPC, an tUasal Haksoo Ko go comhpháirteach é i Súl. Cumhdaíonn an t-aitheantas coibhéise an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach araon agus cumhdaíonn sé an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ina iomláine[7].

Leis an socrú leordhóthanachta frithpháirtí idir an tAontas agus an Chóiré, comhlánaítear agus méadaítear na tairbhí a bhaineann leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré in 2011 agus leis an gComhaontú Trádála Digití an 10 Márta 2025[8] do chuideachtaí san Aontas agus i bPoblacht na Cóiré. Leis an sreabhadh neamhshrianta sonraí pearsanta idir an dá dhlínse, éascaítear malartuithe tráchtála a thuilleadh agus gintear deiseanna gnó trí rochtain phribhléideach ar an margadh. Ina theannta sin, is fasach tábhachtach é freisin, rud a léiríonn nach amháin go bhfuil caighdeáin láidre cosanta sonraí agus éascú trádála domhanda comhoiriúnach ach go bhfuil siad fíor-riachtanach i ngeilleagar digiteach an lae inniu.

Ar an leibhéal iltaobhach, d'éirigh le Poblacht na Cóiré agus leis an Aontas comhoibriú i bhfóraim idirnáisiúnta, mar shampla san Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), áit a raibh an dlúthchomhar sin ríthábhachtach chun comhphrionsabail maidir le rochtain rialtais ar shonraí pearsanta atá i seilbh na hearnála príobháidí a ghlacadh den chéad uair riamh ar an leibhéal idirnáisiúnta[9]. Bhí an obair sin ag brath ar na luachanna agus na ceanglais chomhroinnte atá mar bhonn taca faoin socrú leordhóthanachta frithpháirtí idir an tAontas agus an Chóiré. Thairis sin, léirítear an comhar láidir sin freisin i rannpháirtíocht ghníomhach PIPC i Líonra Leordhóthanachta an Choimisiúin Eorpaigh, ina bhfuil sé páirteach ó bunaíodh é an 4 Márta 2024[10].

---

[7] Féach an Preasráiteas Comhpháirteach an 16 Meán Fómhair 2025 ón gCoimisinéir Michael McGrath agus ón gCathaoirleach Haksoo Ko maidir le teacht i bhfeidhm chinneadh leordhóthanachta na Cóiré maidir leis an Aontas — le fáil faoi: https://commission.europa.eu/news-and-media/news/joint-press-statement-commissioner-michael-mcgrath-and-chairperson-haksoo-ko-entry-force-korean-2025-09-16_en?prefLang=ga&etrans=ga

[8] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_25_732

[9] Dearbhú ECFE maidir le Rochtain an Rialtais ar Shonraí Pearsanta atá i seilbh Eintiteas san Earnáil Phríobháideach an 14 Nollaig 2022: https://legalinstruments.oecd.org/en/instruments/OECD-LEGAL-0487

[10] An 4 Márta 2024, d'óstáil an Coimisiún an chéad chruinniú ardleibhéil riamh maidir le sreabha sábháilte sonraí, inar tugadh airí agus cinn údarás ó údaráis cosanta sonraí na 15 thír agus chríoch a bhí leordhóthanach don Aontas ag an am chomh maith le Cathaoirleach an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí chun an comhar maidir le forfheidhmiú cosanta sonraí a neartú agus chun sreabha sonraí trasteorann sábháilte gan bhac a uasmhéadú. Tionóladh cruinnithe ina dhiaidh sin ar an leibhéal teicniúil idir an dá linn.

Chun a fhíorú go rialta go bhfuil údar fíorasach agus dlíthiúil leis na torthaí sa chinneadh leordhóthanachta, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le toradh an athbhreithnithe. Sa tuarascáil seo, lena gcumhdaítear gach gné d'fheidhmiú an chinnidh, tugtar an chéad athbhreithniú tréimhsiúil i gcrích. Ar thaobh na Cóiré, bhí baint ag ionadaithe ó údarás cosanta sonraí na Cóiré, PIPC, agus Gníomhaireacht Idirlín agus Slándála na Cóiré (KISA) leis an athbhreithniú. Bhí PIPC i dteagmháil rialta freisin le hinstitiúidí ábhartha eile de chuid na Cóiré chun an t-athbhreithniú a ullmhú agus a n-ionchur a bhailiú. Bhí ceathrar ionadaithe ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) ar thoscaireacht an Aontais, in éineacht le hionadaithe ón gCoimisiún Eorpach.

Tionóladh cruinniú athbhreithnithe idir an dá thoscaireacht an 17 Deireadh Fómhair 2025, agus bhí roinnt mhaith malartuithe ann roimhe sin agus ina dhiaidh. Chun an t-athbhreithniú a ullmhú, bhailigh an Coimisiún faisnéis ó údaráis na Cóiré maidir le feidhmiú an chinnidh, go háirithe maidir le cur chun feidhme na Rialacha Forlíontacha. Lorg an Coimisiún faisnéis freisin ó pháirtithe leasmhara ábhartha agus ó fhoinsí poiblí ábhartha. Tar éis an chruinnithe athbhreithnithe, bhí roinnt malartuithe ag an gCoimisiún agus ag PIPC chun obair leantach níos mionsonraithe a dhéanamh ar ábhair a pléadh le linn an chruinnithe athbhreithnithe, go háirithe ceisteanna a bhaineann leis na leasuithe a rinneadh le déanaí ar PIPA agus leis an gcomhréir leis na Rialacha Forlíontacha.

## 2. PRÍOMHTHORTHAÍ

Cuirtear na torthaí mionsonraithe maidir le feidhmiú gach gné den chinneadh leordhóthanachta i láthair sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin (SWD(2026) 231) a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Go háirithe, léiríodh sa chéad athbhreithniú gur tháinig creataí cosanta sonraí an Aontais Eorpaigh agus na Cóiré le chéile a thuilleadh ó glacadh na cinntí leordhóthanachta. Ó shin i leith, leasaigh Poblacht na Cóiré PIPA faoi dhó: i mí an Mhárta 2023 agus i mí Aibreáin 2025[11]. Rinne PIPC, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, na Rialacha Forlíontacha a oiriúnú chun na leasuithe sin a léiriú.

Le leasuithe 2023 ar PIPA na Cóiré, neartaíodh creat cosanta sonraí na tíre a thuilleadh trína raon feidhme a leathnú, príomhphrionsabail a shoiléiriú, agus coimircí nua a thabhairt isteach. I measc na bpríomhréimsí feabhais tá prionsabal na dlíthiúlachta, le bunúis dlí athbhreithnithe le haghaidh próiseála agus forálacha níos soiléire maidir le cásanna ina n-éilítear toiliú ar leithligh. Cuireadh feabhas ar an trédhearcacht ar dhá phríomhbhealach: ar an gcéad dul síos, trí cheanglais nua a thabhairt isteach do rialaitheoirí sonraí chun rabhadh a thabhairt d'ábhair sonraí faoi rioscaí féideartha maidir le cosaint sonraí; ar an dara dul síos, trí oibleagáidí neartaithe a fhorchur ar an Stát agus ar rialtais áitiúla bearta a dhéanamh chun sonraí pearsanta leanaí faoi bhun 14 bliana d'aois a chosaint agus chun a áirithiú gur féidir leo tionchar na próiseála sonraí pearsanta agus a

[11] Teacht i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2023 agus i mí Dheireadh Fómhair 2025 faoi seach.

gcearta mar ábhair sonraí a thuiscint go soiléir. Neartaíodh cuntasacht freisin trí cheanglas a thabhairt isteach go gceapfadh rialaitheoirí eachtracha gníomhaire intíre sa Chóiré. Thairis sin, leis na leasuithe, rinneadh srian níos doichte ar phróiseáil sonraí faoi ainm bréige, tugadh isteach oibleagáidí nua chun na sonraí sin a scriosadh a luaithe nach mbeidh gá leo a thuilleadh, agus áirithíodh tuilleadh trédhearcachta maidir le próiseáil sonraí faoi ainm bréige.

Ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, neartaíodh cearta na n-ábhar sonraí a thuilleadh freisin. Le hathchóiriú PIPA 2023, tugadh isteach cosaintí nua agus treisíodh cosaintí a bhí ann cheana, lena n-áirítear an ceart chun toiliú a tharraingt siar, coimircí in aghaidh cinnteoireacht uathoibrithe, agus an ceart chun iniomparthachta sonraí, rud a thug cumhacht ar deireadh do dhaoine aonair rialú níos mó a fheidhmiú ar a sonraí pearsanta.

Leis na leasuithe ar PIPA ó rinneadh an cinneadh leordhóthanachta, neartaíodh a rialacha maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí a thuilleadh freisin, lena dtugtar isteach creat níos láidre lena soláthraítear coimircí níos láidre chun sonraí pearsanta a aistrítear lasmuigh de Phoblacht na Cóiré a chosaint.

A mhéid a bhaineann le formhaoirseacht agus forfheidhmiú, tugann an Coimisiún dá aire gur fhorfheidhmigh PIPC PIPA go gníomhach ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin lena n-áirítear fíneálacha a fhorchur ar Google agus Meta as sonraí neamhdhleathacha a bhailiú, imscrúdú a dhéanamh ar aistrithe sonraí trasteorann ag cuideachtaí amhail DeepSeek agus AliExpress, agus rialacha maidir le cibearshlándáil agus sáruithe sonraí a fhorfheidhmiú. Tá treoir rialála á soláthar ag PIPC freisin, tá seiceálacha earnála á ndéanamh aige, agus tá sé i mbun gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus comhar idirnáisiúnta le húdaráis cosanta sonraí an Aontais, lena n-áirítear Commission nationale de l'informatique et des libertés (CNIL) na Fraince agus BECS, chun cosaint sonraí i bPoblacht na Cóiré a neartú a thuilleadh.

Is díol suntais ar leith é go léirítear in PIPA anois roinnt de na Rialacha Forlíontacha atá ann cheana in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gcinneadh leordhóthanachta, rud a fhágann go bhfuil siad infheidhme go ginearálta maidir leis na sonraí pearsanta uile, gan beann ar a dtionscnamh ná ar a bpointe bailithe. Mar thoradh air sin, déanfar na Rialacha Forlíontacha ábhartha a chúlghairm. Go sonrach, is amhlaidh a bheidh i gcás Riail Fhorlíontach 2, lenar bunaíodh teorainn le haghaidh sonraí pearsanta a aistriú ar aghaidh, Riail Fhorlíontach 4, a bhain le raon feidhme cur i bhfeidhm díolúine speisialta maidir le faisnéis faoi ainm bréige a phróiseáil, agus leis an gcéad chuid de Riail Fhorlíontach 5, a bhain leis an bhféidearthacht a bhí ag PIPC bearta ceartaitheacha a ghlacadh. Beidh na Rialacha Forlíontacha eile fós i bhfeidhm.

Is forbairt dhearfach thábhachtach é cúlghairm na Rialacha Forlíontacha sonracha sin, ós rud é go léiríonn sé an cóineasú méadaithe idir creataí cosanta sonraí an Aontais agus na Cóiré. Leis na forálacha nua in PIPA lena mbunaítear ceanglais níos déine maidir le haistrithe trasteorann agus lena soiléirítear na heisceachtaí ar thrédhearcacht agus ar chearta daoine aonair le haghaidh sonraí

faoi ainm bréige, léirítear tiomantas na Cóiré a creat cosanta sonraí a neartú a thuilleadh. Is díol sásaimh don Choimisiún é go bhfuil seasamh gníomhach glactha ag PIPC freisin maidir leis na forálacha nua a fhorfheidhmiú, cinntí agus smachtbhannaí a ghlacadh chun comhlíonadh na rialacha maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí agus bréagainmniú a áirithiú.

Maidir le rochtain agus úsáid sonraí pearsanta ag údaráis Phoblacht na Cóiré, ó glacadh an cinneadh leordhóthanachta, tá roinnt príomhdhlíthe leasaithe ag an gCóiré chun cosaint sonraí pearsanta a fheabhsú, lena n-áirítear an tAcht um Ghnó Teileachumarsáide agus an tAcht um Chosaint Príobháideachais Cumarsáide. Go háirithe, tugadh isteach leis ceanglais nua maidir le fógra a thabhairt, bearta formhaoirseachta, agus coimircí nós imeachta. Ina theannta sin, neartaigh PIPC a fhormhaoirseacht agus chuir sé prionsabail cosanta sonraí chun cinn trí threoirlínte d'údaráis phoiblí. Léiríonn na forbairtí sin iarrachtaí leanúnacha na Cóiré na coimircí do shonraí pearsanta a neartú, lena n-áirítear nuair a phróiseáiltear iad chun críocha fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus na slándála náisiúnta.

## 3. CONCLÚID

Ar bhonn na dtorthaí foriomlána a rinneadh mar chuid den chéad athbhreithniú seo, is é conclúid an Choimisiúin go leanann Poblacht na Cóiré de leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú do shonraí pearsanta ón Aontas Eorpach a aistrítear chuig eintitis sa Chóiré atá faoi réir PIPA arna chomhlánú ag na coimircí breise a leagtar amach sna Rialacha Forlíontacha, mar aon leis na huiríll, na dearbhuithe agus na gealltanais oifigiúla atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gcinneadh. Sa chomhthéacs sin, aithníonn seirbhísí an Choimisiúin an comhar den scoth, agus an t-athbhreithniú á dhéanamh, le húdaráis na Cóiré agus go háirithe le PIPC, agus is mór acu é.

I bhfianaise an toraidh sin ar an athbhreithniú agus i gcomhréir le haithrisí 219 agus 220 den chinneadh leordhóthanachta, measann an Coimisiún nach gá an timthriall 3 bliana a choinneáil ar bun le haghaidh athbhreithnithe amach anseo agus measann sé, dá bhrí sin, gur iomchuí bogadh go timthriall 4 bliana de bhun Airteagal 45(3) RGCS. Rachaidh sé i gcomhairle, dá réir sin, leis an gCoiste arna bhunú faoi Airteagal 93(1) RGCS[12].

An tráth céanna, d'fhéadfadh neartú gnéithe áirithe de chreat cosanta sonraí na Cóiré cuidiú le tuilleadh feabhais a chur ar na coimircí a leagtar amach in PIPA agus sna Rialacha Forlíontacha. Chuige sin, molann an Coimisiún an méid a leanas:

1. Molann an Coimisiún do PIPC seiceálacha randamacha a dhéanamh chun comhlíonadh na Rialacha Forlíontacha a áirithiú. I dtuairim an Choimisiúin, bheadh seiceálacha randamacha den sórt sin tábhachtach chun a áirithiú go ndéanfaí sáruithe (féideartha) ar na Rialacha Forlíontacha a bhrath agus go dtabharfaí aghaidh orthu, agus go n-áiritheofaí leis sin comhlíonadh éifeachtach na rialacha sin.

[12]Féach Aithris 220 den chinneadh.

2. Is díol sásaimh don Choimisiún é go bhfuil sé beartaithe PIPC treoirlínte cothrom le dáta maidir le haistrithe idirnáisiúnta a fhoilsiú, ós rud é go gcuirfidh siad le hinrochtaineacht rialacha PIPA maidir leis an ábhar sin agus go ndéanfaidh siad na rialacha sin níos soláimhsithe don úsáideoir. Iarrann an Coimisiún ar PIPC a shoiléiriú nach n-aithnítear scéimeanna deimhniúcháin CBPR APEC agus CBPR (Rialacha Príobháideachais Trasteorann) mar shásra le haghaidh aistrithe sonraí pearsanta faoi rialacha PIPA.

3. Mar a luaitear sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo, tá sé tábhachtach freisin go dtaispeánfar go soiléir ar shuíomh gréasáin PIPC na huirlisí atá bailí le haghaidh aistrithe idirnáisiúnta sonraí, i mBéarla agus i gCóiréis araon, chun soiléireacht a áirithiú i ndáil leis na rialacha is infheidhme.

Leis an athbhreithniú, bhíothas in ann réimsí a shainaithint le haghaidh comhar féideartha amach anseo. Mar shampla, i bhfianaise thábhacht mhéadaitheach na gclásal eiseamláireach agus a gcumais mar uirlis dhomhanda le haghaidh aistrithe sonraí, mar a d'aithin G7 agus ECFE, léirigh an Coimisiún go bhfuil spéis aige i gcomhar le PIPC amach anseo maidir le clásail den sórt sin a fhorbairt.

Leanfaidh an Coimisiún de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chreat cosanta sonraí na Cóiré agus ar an gcleachtas iarbhír. I ndáil leis an méid sin, tá sé ag tnúth le malartuithe amach anseo le húdaráis na Cóiré maidir le forbairtí a bhaineann leis an gcinneadh, chomh maith le comhar a neartú a thuilleadh ar an leibhéal idirnáisiúnta tráth a bheidh méadú ag teacht ar an éileamh ar chaighdeáin dhomhanda maidir le príobháideachas agus sreabha sonraí.